**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0006/2023**

15.12.2022

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

de bhun Riail 143 de na Rialacha Nós Imeachta

maidir le ceannach cógas comhpháirteach ar leibhéal an Aontais, d'fhonn neamhréireacht i bpraghas na gcógas ó Bhallstát go chéile a laghdú

**Viktor Uspaskich**

**B9-0006/2023**

**Tairiscint i gcomhair rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le ceannach cógas comhpháirteach ar leibhéal an Aontais, d'fhonn neamhréireacht i bpraghas na gcógas ó Bhallstát go chéile a laghdú**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint d'Airteagal 4(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

– ag féachaint d'Airteagal 143 dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí, de réir na sonraí ó Eurostat, go gcaitheann Ballstáit an Aontais thart ar 11 % dá n-olltáirgeacht intíre ar chaiteachas sláinte,

B. de bhrí, i gcás an táirge íocshláinte chéanna de chuid an mhonaróra chéanna a bhfuil an comhábhar gníomhach céanna aige, go bhféadfar praghsanna a iolrú faoi dheich ó Bhallstát go chéile;

C. de bhrí nach bhfuil aon chúis eacnamaíoch le difríochtaí praghais den sórt sin;

D. de bhrí, ós rud é go bhféadfadh staid monaplachta teacht chun cinn go héasca agus i bhfianaise an réimse roghanna teoranta atá ar fáil, nach leor an iomaíocht sa mhargadh inmheánach chun neamhéifeachtúlachtaí an mhargaidh sin a chosc;

E. de bhrí go gcuireann ardú ar phraghasanna fuinnimh agus ar bhoilsciú le bochtú shaoránaigh an Aontais;

1. á iarraidh ar an gCoimisiún straitéis a ullmhú lena mbunófar comhbheartas maidir le táirgí íocshláinte a mhonarú, a cheannach agus a dhíol laistigh den Aontas, ar straitéis í lena ráthófar praghsanna réasúnta do thomhaltóirí agus lena gcuirfear deireadh le difríochtaí neamhréireach idir praghsanna.